Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12679/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0055(COD)**

CODEC 1238
TRANS 373
JAI 1225
CATS 40
COPEN 251

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2025/... a mhéid a bhaineann le dícháiliúcháin tiomána áirithe **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 1 Márta 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91(1), pointe (c) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 25 Aibreán 2023[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Meitheamh 2023[3].

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

[1] 6796/23 + ADD 1-3.
[2] IO L 175, 17.5.2023, lch. 4.
[3] IO L 293, 18.8.2023, lch. 133.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 6 Feabhra 2024[4].

6. An 30 Aibreán 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Treoir[5] thuasluaite, tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

7. An 14 Bealtaine 2025, dheimhnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Treoir thuasluaite. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uaithi mar a leagtar amach in 8351/25 + COR 1agus an ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach in 8351/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ostair ag staonadh ón vótáil.

---

4 10680/24.
5 7702/25 + ADD 1-2.